

Email | Sample Answer

Ta tú sa Ghaeltacht ar chúrsa Gaeilge. Scríobh ríomhphost chuig cara leat ag déanamh cur síos ar an gcúrsa. Pléigh na pointí seo a leanas:

- an cúrsa féin
- na múinteoirí ar an gcúrsa
- an aimsir
- pointe amháin dearfach faoin gcúrsa
- pointe amháin diúltach faoin gcúrsa
- an lóistín

(2020 Mock Q9)

Le: aoifeníbhéalaoich567@gaeilge.com

Ó: ainenírmheá@gaeilge.com

Ábhar: An Ghaeltacht

A Aoife, a chara,

Conas atá tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Bhí aiféala orm nár scríobh mé roimhe seo, ach chuir mé é ar an mhéar fada arís is arís!

Táim sa Ghaeltacht i gContae na Gaillimhe le mo chairde creid é nó ná chreid! Tháinig mé anseo chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge don **Ardteist** (Leaving Certificate). Táim ag baint an-taitneamh as an gcúrsa seo! Déanaimid a lán rudaí éagsúla gach lá!

Gach maidin, téimid síos go dtí an coláiste féin agus bíonn ranganna againn. Bímid ag caint Gaeilge le chéile agus ag foghlaim frásaí agus gramadach. Tar éis lóin, sa tráthnóna, tosaíonn an spórt. Téimid ag canúail nó ag snámh san fharraige agus bíonn an-craic againn.

Is múinteoirí deasa iad na múinteoirí anseo. Tá siad **an-suáilceach** (very approachable) agus cabhrach. Sna ranganna Gaeilge, déanaimid cluichí ar nós tráth na gceist. Caithfidh mé a rá nach

bhfuil na ranganna cosúil leis na ranganna Gaeilge ar scoil! Is **bealach spráúil** (fun way) é Gaeilge a fhoghlaim!

Tá an aimsir go hálainn, buíochas le Dia. Tá sé saghas fuar **anois is arís** (now and again) mar táimid ag fanacht cois farraige, ach tá an ghrian ag taitneamh **formhór an ama** (most of the time). Ar aon nós, táim cinnte de go mbeidh sé ag cur báistí amárach, mar tá **scamaill dhorcha** (dark clouds) ann anois.

Is maith liom an cúrsa mar feicimid mo chuid Gaeilge ag éirí níos fearr **lá i ndiaidh lae** (day after day). Is aoibhinn liom ag caint Gaeilge. Bhí sé deacair ag caint **Gaeilge agus Gaeilge amháin** (Irish and only Irish) ar dtús gan dabht, ach d'éirigh sé níos éasca tar éis tamaill. Táim **ag feabhsú** (improving) go tapa.

An t-aon rud nach maith liom ná an bia. Táim ag caitheamh i ndiaidh chócaireacht mo mháthar. Níl aon **bhlas** (flavor/taste) ar an mbia anseo agus tá sé ró-sláintiúil.

Táim ag fanacht i dteach deas in aice an coláiste. Máire is ainm don bhean an tí. Is bean an-deas í. **Roinnim** (I share) seomra codlata le beirt chailíní eile, Sarah agus Síofra. Uaireanta bíonn orainn obair tí a dhéanamh ach déanann bean an tí é ar an **gcuid is mó** (for the most part) buíochas le Dia! Is maith liom an lóistín mar tá sé **an-ghar** (very near) don scoil.

Caithfidh mé imeacht anois, mar tá céilí ann i gceann deich nóiméad! Cuirfidh mé glao ort i gceann cúpla lá!

Slán go fóill,

Áine